

Snáithe: Imshaoil Dhaonna

Snáithaonad: Daoine atá ina gcónaí agus atá ag saothrú sa cheantar áitiúil

Daoine agus Pobail

- Foghlaim faoi dhaoine sa phobal a ritheann clubanna agus eagraíochtaí áitiúla sa dóigh agus go mbeidh léirthuisicint agat dóibh (comhtháthú le stair: cruthaigh amlíne ó bhunú an chlub go dtí anois)

BILEOG OIBRE 5D.

- Foghlaim faoi chlubanna eile CLG agus an chaoi a bhfuil siad eagraithe.

Iompar agus Cumarsáid

- Fiosraigh na modhanna taistil a úsáidtear agus cluichí á n-imirt don chlub nó don scoil (comhtháthú le stair: cuir modhanna taistil i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile san am a chuaigh thart)
- Fiosraigh an modh taistil agus an bealach a úsáidtear chun dul chuig Cluiche Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh **BILEOG OIBRE 5C.**

Tascanna do Dhaltai:

- Déan taighde maidir leis na contaetha ar fad a ghlac páirt i gcluiche ceannais na hÉireann san iománaíocht anuraidh (Ciseal 1).
- Aimsigh agus cuir lipéad ar na contaetha seo ar an mapa d'Éirinn.
- Pléigh na ceantair ina bhfuil traidisiún láidir iománaíochta agus fiosraigh na cúiseanna leis seo.
- Tar éis lipéad a chur ar na contaetha, dathaigh isteach na contaetha i ndathanna oiriúnacha na bhfoirne.
- Déan an tasc céanna don pheil ar mhapa eile.
- Déan liosta de na clubanna ar fad i do cheantar áitiúil.
- Ainmnigh baile mór/baile a imríonn do gach club.
- Aimsigh iad seo ar mhapa de do bhaile mór féin.
- Comhtháthú le mata: cruthaigh barra-chairt díobh siúd i do rang a imríonn do na clubanna éagsúla.



Daoine i mBun Oibre

- Fiosraigh/Déan taighde ar an tábhacht a bhaineann leis an CLG mar rud is díol spéise do thurasóirí
- An chaoi a gcuirtear an CLG chun cinn mar rud is díol spéise do thurasóirí i dtionscail an áineasa agus na fóillíochta in Éirinn

Tascanna:

Ainmnigh bealaí a bhfógraíonn an CLG a imeachtaí spóirt in Éirinn

Cén meán fógraíochta is éifeachtaí, dar leat, agus cén fáth?

Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh sna scoileanna chun an CLG a chur chun cinn?

Dear fógra do cheann ar bith de chluichí spóirt an CLG chun é a chur chun cinn ar mhaithe le turasóirí a bheadh ar saoire in Éirinn.



Tascanna:

Cén fáth a mbíonn spéis ag turasóirí sa CLG, dar leat?

Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an CLG mar rud is díol spéise do thurasóirí?

Ag úsáid shuíomh idirlín an CLG www.gaa.ie ainmnigh na tréithe speisialta atá ag Páirc an Chrócaigh a spreagann spéis na dturasóirí

Conas a chinnteoidimid go bhfanfaidh an CLG ina dhíol spéise do thurasóirí in Éirinn?

Déan liosta de na cluichí spóirt i dtíortha eile a mheallann turasóirí

Pioc amach na tíortha eile seo ar do mhapa



Snáithaonad: Lárionaid sa chontae, sa réigiún agus sa tír

- Éirigh eolach ar shuíomh chontaetha, bhailte móra agus chathracha na hÉireann **BILEOG OIBRE 5 E**
- Foghlaim faoi ghluaiseacht daoine ó chontae go contae agus laistigh de chontaetha do chluichí CLG **BILEOG OIBRE 5 C, 5 E**
- Fiosraigh an bunús agus an tábhacht thíreolaíoch atá ag ainmneacha páirceanna áitiúla (comhtháthú le stair: an chaoi a bhféadfadh athrú bheith tagtha ar ainmneacha an chlub agus na páirce le himeacht ama agus an tábhacht stairiúil a bhaineann leis seo)
- Déan taighde ar stair an Chraobhchomórtais Idir-Chúige.

Snáithaonad: Daoine agus tíortha eile

- Déan staidéar ar ghnéithe d'imshaol agus de shaol daoine in Albain le béim faoi leith ar an tsraith idirnáisiúnta Iománaíochta/Camánaíochta idir Éire agus Albain **BILEOGA OIBRE 5 A**



Connacht v Laighean (Iománaíocht Idir-Chúige)



5 TÍREOLAÍOCHT

Clár CLG ón mBonn Aníos (GNP)

NOTAI AN MHUINTEORA

Is iad seo a leanas na rialacha reatha do chluiche camánaíochta/sínteag:

- 12 imreoir ar gach foireann
- 45 nóiméad i ngach leath
- Caithfidh an pháirc bheith 140-170 slat ar fhad agus 70-80 slat ar leithead (comhtháthú le mata: faigh achar agus imlíne páirc imeartha camánaíochta)
- 'Camán' a thugtar ar an maide imeartha.
- Is as fuinseog nó hicearaí lannach a dhéantar an camán.
- Tá píosa triantánach ar an gcamán ag ceann an mhaide a chaithfidh bheith in ann dul trí fháinne atá dhá orlach go leith trasna.
- Bíonn an liathróid déanta as leathar a bhfuil uaim air, agus tá imlíne seacht n-orlach go leith go dtí ocht n-orlach uirthi.
- Ba cheart go meáfaidh an liathróid idir dhá unsa go leith agus trí unsa.
- Ní féidir ach leis an gcúl báire an liathróid a láimhsiú.
- Ní féidir an liathróid a chiceáil.
- Cuireann an réiteoir tús leis an gcluiche agus tosaíonn sé in athuair é tar éis cúil nó ag leath-am
- Sa chaitheamh isteach caitear an liathróid suas os cionn 12 troigh ar airde.



- Déan staidéar ar ghnéithe d'imshaol agus de shaol daoine san Astráil le béim faoi leith ar na Rialacha Idirnáisiúnta idir Éire agus an Astráil. Lig do na páistí bunús AFL a fhiosrú ag úsáid **BILEOGA OIBRE 5 B**
- Fiosraigh clubanna CLG i dtíortha eile. D'fhéadfaí é seo a chomhtháthú le stair (bunaithe ar staidéar ar eisimircigh Éireannacha). Tá spéis láidir sa CLG thar lear faoi láthair. Ceaptar go bhfuil tuairim is 30,000 imreoir fásta agus 7,000 imreoir óga ag iománaíocht agus ag imirt peile taobh amuigh d'Éirinn i 350 club faoi láthair. Tá Boird Contae agus Clubanna cleamhnaithe i ngach mór-roinn agus tá Cláir Forbartha Cluichí Gníomhacha san Astráil, sa Nua-Shéalainn, i gCeanada, Meiriceá Thuaidh, Nua Eabhrac, san Áise agus san Eoraip.

